Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**

---

# INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

---

DÉARDAOIN, 9 MEITHEAMH, MAIDIN 9:30 – 12:00

Freagair **Roinn A agus B de Cheist 1** agus **trí** cheist eile.

**Ceist 1.** **(65 marc)**

## ROINN A – 30 marc

Freagair **sé cinn ar bith** díobh seo a leanas **go hachomair**:

**(a)** Luaigh **dhá** chúis gur chóir an comhartha sábháilteachta thall a bheith ar taispeáint i seomra Innealtóireachta.



**(b)** Ainmnigh an cóimhiotal a dhéantar le *copar* agus *sinc*.

**(c)** Luaigh cúis **amháin** a n-úsáidtear druilire leacaithe.

**(d)** Ainmnigh snáthchruth scriú **amháin** agus mol feidhm dó.



**(e)** Mol feidhm oiriúnach don lasc *scoráin* a thaispeántar.

**(f)** Cad is *iarann galbhánaithe* ann?

**(g)** Sainaithin **dhá** bhuntáiste a bhaineann le Monarú Ríomhchuidithe (CAM) i ndearadh táirge.

**(h)** Ainmnigh an mheicníocht ghiair a thaispeántar agus luaigh cúis **amháin** lena húsáid.



## ROINN B – 35 marc

Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar phríomhghnéithe oibriúcháin **ceann ar bith** díobh seo a leanas:

Raicín agus ceapachóir, Micriméadar, Cúlstoc deile.

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas maidir le ríomhairí:


Nasc gan sreang, Eochair USB, Cárta grafaice, Físchomhdháil.

**(k)** Sainmhínigh *leaisteachas* maidir le hairíonna miotal agus luaigh sampla **amháin** ina bhfuil gá le hairí an leaisteachais.

**(l)** Mínigh **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:


Greanadh, Clár Ciorcad Priontáilte (PCB), Uirlis dípháirtiúcháin, Laicearú.


**(m)** Ainmnigh an uirlis ghearrtha a thaispeántar agus mínigh an fheidhm atá aici.





**Ceist 2.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh agus luaigh feidhmeanna **trí cinn ar bith** de na foirnéisí seo a leanas.

**(i)** 

**(ii)** 

**(iii)** 

**(iv)** 

**(b)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Cruach ardcharbóin **(ii)** Amh-mhiotal, **(iii)** Stánphláta, **(iv)** Tuyere.

**(c)** Ainmnigh comhbhaill oiriúnacha a dhéantar as **trí cinn ar bith** de na miotail seo a leanas:

**(i)** Alúmanam, **(ii)** Iarann teilgthe, **(iii)** Luaidhe, **(iv)** Cruach ardluais.


**(d)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a ghabhann le cóimhiotal a úsáid.

**Ceist 3.** **(45 marc)**

**(a)** Déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** de na próisis chóireála teasa seo a leanas:

**(i)** Cruachan, **(ii)** Ainéalú, **(iii)** Faghairt.

**(b)** **(i)** Tabhair cúis **amháin** atá leis an damáiste do bhior na lárphritile a thaispeántar ag **A**.


**A**

**(ii)** Mínigh modh **amháin** chun damáiste do bhior lárphritile a chosc.

**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a chomhlíonadh agus uisce á úsáid le miotal *a fhuarú* le linn cóireáil teasa.


**(d)** Déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** de na hairíonna ábhair seo a leanas:

**(i)** Brisce, **(ii)** Intuargainteacht, **(iii)** Seoltacht.

**NÓ**

**(d)** **(i)** Mínigh an téarma teicneolaíochta san innealtóireacht *neomataic*.

**(ii)** Luaigh feidhm **amháin** atá ag ciorcad neomataice.



**Ceist 4.** **(45 marc)**



**(a)** Maidir leis an lasair ocsaicéitiléine:

**(i)** Ainmnigh na **trí** chineál lasrach is féidir a dhéanamh.

**(ii)** Luaigh na comhréireanna den ocsaigin agus den aicéitiléin is gá do **gach** lasair díobh.

**(b)** Freagair **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:



**(i)** Luaigh **dhá** bhuntáiste **ar bith** a bhaineann le preabsheam a úsáid agus miotal leatháin á cheangal.

**(ii)** Cén fáth nach bhfuil an stuatháthú láimhe miotail oiriúnach chun miotal leatháin tanaí a cheangal?

**(iii)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta **ar bith** is gá a chomhlíonadh nuair a úsáidtear greamacháin chun aicrileach a nascáil.

**(iv)** Tabhair breac-chuntas ar na difríochtaí idir a dá chnó **A** agus **B** a thaispeántar thíos.



**A**




**B**

**(c)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** de na téarmaí seo a leanas maidir le bogshádráil:


**(i)** Ocsaídí, **(ii)** Flosc neamhghníomhach, **(iii)** Stánú, **(iv)** Glan go ceimiceach.

**(d)** Ní mór spéaclaí cosanta dorcha a chaitheamh nuair a bhítear ag prásáil. Luaigh **dhá** chúis leis sin.




**Ceist 5.** **(45 marc)**

**(a)** Maidir leis na próisis mhonaraithe plaistigh a thaispeántar ag **A** agus **B**:



**A**



**B**

**(i)** Ainmnigh **gach** próiseas díobh;

**(ii)** Déan cur síos ar na príomhdhifríochtaí atá idir próiseas **A** agus próiseas **B**;

**(iii)** Luaigh táirge oiriúnach do **gach** próiseas díobh.

**(b)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta is cóir a chomhlíonadh agus ábhair phlaisteacha á ndiúscairt.

**(c)** Mínigh, maidir le monarú plaistigh, **trí cinn ar bith** díobh seo a leanas:

**(i)** Lannú, **(ii)** Greamacháin, **(iii)** Stialltéamh, **(iv)** Tumbhratú.


**(d)** Ainmnigh **dhá** chineál **ar bith** d'ábhair theirmeaplaisteacha.

**Ceist 6.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na modhanna coinneála don obair dheile a thaispeántar.




**(i)**



**(ii)**



**(iii)**




**(iv)**

**(b)** **(i)** Luaigh **dhá** chúis le sreabháin ghearrtha a úsáid agus meaisíniú ar siúl.

**(ii)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** is cóir a chomhlíonadh agus sreabháin ghearrtha á n-úsáid ar an deil láir.

**(c)** **(i)** Ainmnigh na huillinneacha ar an uirlis ghearrtha a bhfuil na lipéid **A** agus **B** orthu.

**(ii)** Luaigh feidhm ceann **amháin ar bith** de na huillinneacha **A** agus **B** ar an uirlis ghearrtha.





**NÓ**


**(c)** Mínigh **trí cinn ar bith** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le meaisíniú faoi Ríomhrialú Uimhriúil (CNC):

**(i)** CAD **(ii)** Ionsamhlú, **(iii)** G-chóid, **(iv)** Ríomhchlár CNC.

**Ceist 7.** **(45 marc)**


**(a)** Ainmnigh na cineálacha oiriúintí a thaispeántar ag **A** agus **B** agus déan cur síos orthu.





**(b)** Maidir le **Fíor 1** a thaispeántar thall, luaigh:

- **(i)** Trastomhas ainmniúil an phoill;
- **(ii)** Íos-trastomhas an phoill;
- **(iii)** Uas-trastomhas an tseafta;
- **(iv)** An cineál oiriúna a bheidh mar thoradh ar chóimeáil an phoill is lú agus an tseafta is mó.





**Fíor 1**


**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na huirlisí a thaispeántar thíos agus luaigh feidhm **amháin** atá ag gach ceann díobh.




**(i)**



**(ii)**




**(iii)**




**(iv)**


**NÓ**


**(c)** Tarraing na siombailí ciorcaid do **thrí cinn ar bith** de na comhbhaill leictreonacha seo a leanas:

**(i)** LED, **(ii)** Friotóir fosaithe, **(iii)** Mótar, **(iv)** Trasraitheoir.









Leathanach Bán

# Leathanach Bán